BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Naoú Dlísheomra)

5 Meitheamh 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Cosaint tomhaltóirí – Treoir 93/13/CEE – Téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra – Airteagail 3, 5, 7 agus pointe 1(e) den Iarscríbhinn – Conradh soláthair leictreachais ar théarma seasta – Téarma lena bhforchuirtear pionós conarthach i gcás mainneachtana – Comhréireacht mhéid an phionóis – Cineál soiléir intuigthe an téarma sin – Treoir (AE) 2019/944 – Neamhinfheidhmeacht)

I gCás C-749/23,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Okresní soud v Teplicích (an Chúirt Dúiche, Teplice, Poblacht na Seice), trí bhreith an 14 Meán Fómhair 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 20 Samhain 2023, sna himeachtaí

innogy Energie s.r.o.

v

QS,

tugann AN CHÚIRT (an Naoú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: N. Jääskinen (Rapóirtéir), Uachtarán an Dlísheomra, A. Arabadjiev agus R. Frendo, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Kokott,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– innogy Energie s.r.o., ag P. Dub, advokát,

– Rialtas na Fionlainne, ag H. Leppo, i gcáil Gníomhaire,

– an Coimisiún Eorpach, ag P. Kienapfel agus P. Ondrůšek, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an tSeicis.

tar éis cinneadh a dhéanamh, i ndiaidh an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú, ar an gcéad dul síos, Airteagail 3, 5 agus 7 de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra (IO 1993 L 95, lch. 29) agus pointe 1(e) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir sin agus, ar an dara dul síos, Airteagal 12(3) de Threoir (AE) 2019/944 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 maidir le rialacha comhchoiteanna don mhargadh inmheánach don leictreachas agus lena leasaítear Treoir 2012/27/AE (IO 2019 L 158, lch. 125).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir innogy Energie s.r.o., cuideachta soláthair fuinnimh agus QS, tomhaltóir, maidir le hiarratas ón gcuideachta sin ar phionós a íoc ar bhonn téarma den chonradh soláthair fuinnimh leis an tomhaltóir sin.

An dlí

Dlí an Aontais

Treoir 93/13,

3 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 3 de Threoir 93/13:

‘1. Measfar téarma conarthach nár caibidlíodh ar leithligh a bheith éagórach más rud é, contrártha leis an gceanglas maidir le meon macánta, go gcruthaíonn sé éagothroime shuntasach maidir le cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe a eascraíonn as an gconradh, chun aimhleasa an tomhaltóra.

2. Measfar i gcónaí nár caibidlíodh téarma ar leithligh i gcás inar dréachtaíodh roimh ré é agus, dá bhrí sin, nach raibh an tomhaltóir in ann tionchar a imirt ar shubstaint an téarma sin, go háirithe i gcomhthéacs conradh caighdeánach réamhfhoirmithe.

Ós rud é go ndearnadh caibidlíocht ar leithligh ar ghnéithe áirithe de théarma nó de théarma sonrach amháin, ní eisiafar cur i bhfeidhm an Airteagail seo maidir leis an gcuid eile de chonradh má léirítear le measúnú foriomlán ar an gconradh gur conradh caighdeánach réamhfhoirmithe é mar sin féin.

Má mhaíonn an díoltóir nó an soláthróir go ndearnadh téarma caighdeánaithe a chaibidliú ar leithligh, is ar an díoltóir nó ar an soláthróir a bheidh an dualgas cruthúnais.’

3. Beidh liosta táscach agus neamh-uileghabhálach de na téarmaí a d’fhéadfaí a mheas a bheith éagórach san Iarscríbhinn.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Leagtar amach an méid seo a leanas le hAirteagal 4(1) den Treoir sin:

‘Gan dochar d’Airteagal 7, déantar cineál éagórach téarma chonarthaigh a mheas trí chineál na n-earraí nó na seirbhísí is cuspóir don chonradh a chur san áireamh agus tagairt a dhéanamh, ar dháta thabhairt i gcrích an chonartha, do na himthosca uile a bhaineann leis an tabhairt i gcrích sin, lena n-áirítear téarmaí conarthacha eile, nó conradh eile ar a bhfuil sé spleách.’

5 Foráiltear le hAirteagal 5 den Treoir sin:

‘Maidir le conarthaí ina ndréachtaítear i scríbhinn gach téarma nó téarmaí áirithe a thairgtear don tomhaltóir, ní mór na téarmaí sin a dhréachtú i bhfriotal soiléir agus sothuigthe i gcónaí. I gcás ina bhfuil amhras ann i dtaobh brí téarma conartha, beidh forlámhas ag an léiriú is fabhraí don tomhaltóir. […]’

6 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 7(1) den Treoir sin:

‘Áiritheoidh na Ballstáit, ar mhaithe le tomhaltóirí agus le hiomaitheoirí, gurb ann do mhodhanna leordhóthanacha agus éifeachtacha chun cosc a chur ar úsáid téarmaí éagóracha i gconarthaí arna dtabhairt i gcrích le tomhaltóirí ag díoltóir nó ag soláthróir.’

7 Tugtar an teideal ‘Téarmaí dá dtagraítear in Airteagal 3(3)’ ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 93/13. Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht i bpointe 1(e) den Iarscríbhinn sin:

‘Téarmaí a bhfuil sé de chuspóir nó d’éifeacht acu:

[…]

e) a cheangal ar aon tomhaltóir nach gcomhlíonann a oibleagáidí cúiteamh ar mhéid dhíréireach ard a íoc

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2019/944

8 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 12 de Threoir 2019/944, dar teideal ‘An ceart chun athrú ó sholáthróir amháin go ceann eile agus rialacha maidir le táillí a bhaineann le hathrú ó sholáthróir’:

‘1. Maidir le hathrú ó sholáthróir amháin go ceann eile nó ó rannpháirtí amháin sa mhargadh a bhíonn ag gabháil don chomhbhailiú go ceann eile, déanfar é sin san achar ama is giorra is féidir. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil an custaiméir ar mian leis athrú ó sholáthróirí nó ó rannpháirtithe sa mhargadh a bhíonn ag gabháil don chomhbhailiú, agus coinníollacha conarthacha á n-urramú, i dteideal athrú den sórt sin a dhéanamh laistigh de 3 seachtaine ar a mhéad ó dháta na hiarrata. Tráth nach déanaí ná 2026, ní mhairfidh an próiseas chun athrú ó sholáthróir amháin go ceann eile níos faide ná 24 uair an chloig agus beidh sé indéanta an méid sin a dhéanamh le linn aon lá oibre.

2. Áiritheoidh na Ballstáit nach ngearrfar aon táillí a bhaineann le hathrú ó sholáthróir, ar a laghad, ar chustaiméirí teaghlaigh, ar m[h]icrifhiontair agus ar fhiontair bheaga.

3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt do na soláthróirí nó do na rannpháirtithe sa mhargadh a bhíonn ag gabháil don chomhbhailiú táillí scortha conartha a ghearradh ar chustaiméirí i gcás ina scoirfidh na custaiméirí sin go toiliúil conarthaí soláthair leictreachais ar théarma seasta agus ar phraghas socraithe roimh dháta aibíochta na gconarthaí sin, ar choinníoll go bhfuil na táillí sin ina gcuid de chonradh a rinne an custaiméir go toiliúil agus go ndéantar na táillí sin a chur in iúl don chustaiméir go soiléir sula ndéantar an conradh. Beidh na táillí sin comhréireach agus ní bheidh siad agus ní rachaidh siad thar an gcaillteanas eacnamaíoch díreach don soláthróir nó don rannpháirtí sa mhargadh a bhíonn ag gabháil don chomhbhailiú de thoradh an custaiméir an conradh a scor, lena n-áirítear costais aon infheistíochtaí cuachta nó seirbhísí cuachta atá soláthraithe don chustaiméir cheana féin mar chuid den chonradh. Is ar an soláthróir nó ar an rannpháirtí sa mhargadh a bhíonn ag gabháil do comhbhailiú a bheidh an t-ualach an caillteanas eacnamaíoch díreach a chruthú agus déanfaidh an t-údarás rialála, nó aon údarás inniúil náisiúnta eile, faireachán ar a incheadaithe atá táillí scortha conartha.'

9 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 71(1) de Threoir 2019/944, dar teideal 'Trasuí':

'Déanfaidh na Ballstáit na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin is gá chun [...] Airteagail 11 go 24 [...] a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin 31 Nollaig 2020. [...]'

Dlí na Seice

Dlí Uimh. 89/2012 maidir leis an gCód Sibhialta

10 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 1811(1) de zákon č. 89/2012 Sb., občanský zákoník (Dlí Uimh. 89/2012 maidir leis an gCód Sibhialta)

'Déanfaidh an díoltóir aon chumarsáid leis an tomhaltóir ar bhealach soiléir sothuigthe sa teanga ina thugtar an conradh i gcrích.'

11 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 2048(1) den Dlí sin:

'Más rud é, i gcás sárú ar oibleagáid chonarthach, ina dtagann na páirtithe ar chomhaontú maidir le pionós conarthach ar mhéid áirithe nó na rialacha mionsonraithe chun méid an phionóis chonarthaigh a chinneadh, féadfaidh an creidiúnaí an pionós conarthach a éileamh, gan an cheist an ndearnadh damáiste don chreidiúnaí mar thoradh ar an sárú ar an oibleagáid arna ráthú ((leis an bpionós conarthach) a chur san áireamh. Féadfar pionós conarthach a chomhaontú i bhfoirm seachas pionós airgeadais.'

Dlí Uimh. 458/2000 maidir le Fuinneamh;

12 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 28(1)(e) agus 2(l) de zákon č. 458/2000 Sb., energetický zákon (Dlí Uimh. 458/2000 maidir le Fuinneamh):

'1. Beidh an ceart ag an gcustaiméir:

[...]

e) an soláthróir leictreachais a roghnú agus a athrú saor in aisce;

[...]

2. Ceanglófar ar an gcustaiméir:

[...]

l) agus a cheart chun soláthróir a roghnú á fheidhmiú aige de bhun mhír 1(e), cloí le fad comhaontaithe na tréimhse foirceanta i gcás conradh buan.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

13 An 24 Eanáir 2020, thug QS agus innogy Energie conradh soláthair leictreachais ar théarma seasta le haghaidh riachtanais teaghlaigh i gcrích lena bhforáiltear don phraghas leictreachais, arna ráthú ar feadh tréimhse iomlán an chonartha, a bhí níos ísle ná an praghas a ghearrtar faoi chonarthaí soláthair leictreachais ar feadh tréimhse éiginnte.

14 Sa chonradh caighdeánach réamhfhoirmithe sin, a chomhfhreagraíonn d'fhoirm leictreonach réamhbhunaithe ina bhfuil dhá leathanach, rinneadh foráil go n-íocfaí réamhíocaíochtaí míosúla de shuim 1200 koruna Phoblacht na Seice (CZK) (thart ar EUR 48) le haghaidh tomhaltas beartaithe 1.8 MWh/an. Ar an gcéad leathanach den chonradh, sa chuid dar teideal 'Tabhairt i gcrích agus fad an chonartha', luaitear gur tugadh an conradh sin i gcrích le haghaidh tréimhse seasta 30 mí, a bhí comhfhreagrach leis an 'tréimhse bhunúsach', agus nárbh fhéidir é a fhoirceannadh roimh am le linn na tréimhse sin.

15 Thairis sin, foráladh leis an gconradh sin, sa roinn dar teideal 'Forálacha eile' ar an gcéad leathanach, go raibh sé de cheangal ar an gcustaiméir cúnamh a thabhairt gan moill mhíchuí do innogy Energie i gcur chun feidhme an chonartha agus, go háirithe, gan aon iompar dlíthiúil nó eile lena gcuirfí bac ar chomhlíonadh gealltanais den sórt sin, cé is moite díobh siúd a raibh sé i dteideal iad a dhéanamh faoin dlí. I gcás inar sáraíodh an oibleagáid sin, bhí téarma sa chonradh sin faoinar ceanglaíodh ar an gcustaiméir pionós CZK 3000 (thart ar EUR 120) a íoc le innogy Energie. Ar an gcaoi chéanna, i gcás, *inter alia*, ina ndearnadh sárú arís agus arís eile ar an oibleagáid an praghas leictreachais a íoc, d'fhéadfaí pionós conarthach a ghearradh ar an gcustaiméir, lena n-áirítear cúiteamh féideartha as an damáiste a thabhaigh innogy Energie as an mainneachtain an leictreachas comhaontaithe a cheannach. B'ionann an pionós sin agus CZK 400 (thart ar EUR 16) do gach mí féilire tar éis fhoirceannadh an chonartha nó lá fionraí an tsoláthair leictreachais go dtí dul in éag théarma an chonartha.

16 Rinne fostaithe an chuideachta sin an conradh a tugadh i gcrích idir QS agus innogy Energie a fhorlíonadh i bhfoirm leictreonach. Bhí an deis ag QS é a fheiceáil ar scáileán ríomhaire sular shínigh sé é le ríomhaire táibléid. Seoladh an conradh deiridh sínithe trí ríomhphost chuig an gcustaiméir, a a bhí in ann leagan páipéir a iarraidh ag aon chéim den chaibidlíocht.

17 Le litir an 21 Iúil 2020, d'iarr innogy Energie ar QS réamhíocaíochtaí CZK 1200 (thart ar EUR 48) a íoc le haghaidh mhí an Mheithimh agus mhí Iúil 2020. Toisc nár chomhlíon QS a oibleagáid an praghas leictreachais a íoc go cuí, rinne an chuideachta sin, an 11 Meán Fómhair 2020, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta is infheidhme, soláthar leictreachais do QS a fhoirceannadh agus ansin, le litir an 13 Meán Fómhair 2020, d'éiligh sé, trí phionós conarthach, íocaíocht CZK 8800 (thart ar EUR 360) ó QS faoin 23 Meán Fómhair 2020 ar a dhéanaí, is é sin CZK 400 (thart ar

EUR 16) le haghaidh gach ceann den 22 mhí a bhí fágtha go dtí deireadh an chonartha mar a comhaontaíodh ar dtús. Rinne QS íocaíocht pháirteach CZK 2 190.34 (thart ar EUR 90). Le litir an 23 Meán Fómhair 2020 d'fhoirceann innogy Energie an conradh a tugadh i gcrích le QS ar an bhforas nár íoc sé an méid a bhí le híoc faoin gconradh sin, d'ainneoin na bhfógraí arís agus arís. Ina theannta sin, dhréachtaigh an chuideachta sin cuntas críochnaitheach inar tuairiscíodh ró-íocaíocht de shuim CZK 316.36 (thart ar EUR 12). don tréimhse ón 4 Feabhra 2020 go dtí an 11 Meán Fómhair 2020.

18 Sa chomhthéacs sin, thug Innogy Energie caingean os comhair an Okresní soud v Teplicích (an Chúirt Dúiche, Teplice, Poblacht na Seice), arb í an chúirt a rinne an tarchur, ag lorg ordú go n-íocfadh QS, ar bhonn an chlásail lena bhforáiltear don phionós sin, suim CZK 6609.66 (thart ar EUR 270), is é sin le rá, an méid gan íoc atá dlite i leith an phionóis sin.

19 Meabhraíonn an chúirt a rinne an tarchur, ar an gcéad dul síos, ar bhonn na reachtaíochta náisiúnta maidir le téarmaí éagóracha a bhí i bhfeidhm roimh an 1 Eanáir 2014, gur chinn an Ústavní soud (an Chúirt Bhunreachtúil, Poblacht na Seice), d'fhonn a mheas nach éagórach é téarma lena mbunaítear pionós conarthach, nach mór dó a bheith mar chuid de théacs iarbhír an chonartha le tomhaltóir, a bheith inléite, soiléir agus struchtúrtha ar bhealach loighciúil chun go mbeidh an gnáth-thomhaltóir in ann é a thuiscint, i gclómhéid leordhóthanach agus ní mór nach ndéanfaí é a chur isteach i roinn den chonradh sin a d'fhéadfadh a thabhairt le tuiscint don tomhaltóir gur téarma coimhdeach é.

20 Ina dhiaidh sin, cuireann sí in iúl gur úsáid innogy Energie modh chun pianfhoráil a chur isteach sa chonradh, rud a d'fhág go raibh sé in amhras faoin gceist an gcomhlíontar na ceanglais trédhearcachta a leagtar síos in Airteagal 5 de Threoir 93/13. Déanann sí tagairt, go háirithe, do shuíomh an téarma atá i gceist sna príomhimeachtaí ar an gcéad leathanach den chonradh, sa roinn dar teideal 'Forálacha eile', is é sin le rá, sa chuid sin den chonradh nach bhfuil aon téarma a caibidlíodh go leithleach inti, murab ionann agus na téarmaí atá ar an dara leathanach den chonradh sin. Tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir le comhoiriúnacht an téarma sin le rialacha dhlí an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí a mhéid atá sé ar leathanach conartha chaighdeánaigh réamhfhoirmithe nach gá é a fhorlíonadh, rud a fhágann nach bhfuil sé chomh feiceálach céanna don chustaiméir.

21 Tugann an chúirt sin faoi deara, i gcás ina bhfoirceanntar an conradh toisc nár chomhlíon an custaiméir a oibleagáidí airgid, go gcuireann innogy Energie pionós conarthach CZK 400 (thart ar EUR 16) in aghaidh na míosa i bhfeidhm, le haghaidh na míonna ar fad nár tharla an formhuirear dá bhforáiltear sa chonradh ar théarma seasta lena linn, gan oibleagáid a bheith ar an gcuideachta sin méid an chaillteanais eacnamaíoch dhírigh arna thabhú go hiarbhír. Os a choinne sin, i gcás ina bhfoirceannann an tomhaltóir an conradh mar thoradh ar athrú soláthróra le linn thréimhse a ghealltanais, bheadh an soláthróir i dteideal suim airgid a chomhfhreagraíonn don phionós conarthach comhaontaithe, suas le méid an chaillteanais eacnamaíoch a bhain dó, suim nach mór don soláthróir a thaispeáint.

22 Ar deireadh, cuireann an chúirt sin i bhfios go láidir, sa chás sna príomhimeachtaí, nach bhfuil aon riaráiste ann maidir leis an bpraghas atá le híoc as an soláthar fuinnimh, ach, os a choinne sin, go bhfuil ró-íocaíocht i bhfabhar innogy Energie ann cé nár íoc QS dhá ranníocaíocht mhíosúil ar a laghad de CZK 1200 (thart ar EUR 48).

23 Sna himthosca sin, chinn an Okresní soud v Teplicích (an Chúirt Duíche, Teplice) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘1) An gcuirtear cosc le bunbhrí agus críoch [Threoir 93/13] ar léiriú a dhéanamh ar Airteagal 3 di, agus [pointe 1([e]) den Iarscríbhinn a ghabhann léi, a bhaineann le téarmaí éagóracha conartha i [g]conarthaí tomhaltóra, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 5 di a bhaineann le téarmaí scríofa a dhréachtaítear go soiléir sothuigthe agus le prionsabal na héifeachtachta de réir Airteagal 7 di, amhail go meastar gur gnáthchuid de chonradh scríofa idir an tomhaltóir agus an soláthróirí é pionós conartha a leagtar amach sa chuid ‘Forálacha Eile’ ar leathanach 1/2 de chonradh cloí (an céad leathanach den chonradh), fiú i gcás (mar atá ar neamhréir le gnáthghnás conarthaí tomhaltóra) nach bhfuil aon sonraí sa leathanach sin lena bhfuil na páirtithe inaitheanta, nach bhfuil aon rud le líonadh go fisiciúil agus a bhfuil an pionós conartha sa roinn ‘Forálacha Eile’, ar foráil gan tábhacht í de réir dealraimh, a mhéid a bhféadfaí a cheangal ar an tomhaltóir eolas cuí a chur ar an leathanach sin den chonradh, i gcás ina dtugtar le fios go leis an dara leathanach den chonradh (2/2), atá líonta agus sínithe i [n]dáiríre, gurb é sin an dara leathanach den chonradh trí 2/2 a mharcáil air[?]

2) An gcuirtear cosc le bunbhrí agus críoch [Threoir 93/13/CEE] ar léiriú a dhéanamh ar Airteagal 3 di i gcomhar le [pointe] 1(e) den Iarscríbhinn a ghabhann léi, agus/nó Airteagal 12(3) de [Threoir 2019/944] ó Pharlaimint ha hEorpa agus ón gComhairle amhail, i gcás ina bhfoirceannann soláthróirí conradh fuinnimh praghais sheasta ar théarma seasta toisc gur sháraigh an tomhaltóir oibleagáid, nach cinntitheach méid an fhíorchaillteanais eacnamaíochta dhírígh arna thabhú ag an soláthróirí mar gheall ar luathfhoirceannadh an chonartha leis an tomhaltóir?’

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

Inghlacthacht an dara ceist

24 Lena dara ceist, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 3 de Threoir 93/13, arna léamh i gcomhar le pointe 1(e) den Iarscríbhinn a ghabhann léi ‘agus/nó’ le hAirteagal 12(3) de Threoir 2019/944, a léiriú sa chaoi, i gcás ina ndéantar conradh soláthair fuinnimh ar phraghas sheasta ar théarma seasta a fhoirceannadh go luath mar gheall nár chomhlíon an tomhaltóir a oibleagáidí conarthacha agus mar gheall ar chur i bhfeidhm pionóis chonarthaigh lena gcumhdaítear an caillteanas eacnamaíoch díreach don soláthróir sin mar thoradh ar an bhfoirceannadh sin, go gceanglaítear ar an soláthróir sin fírinne an chaillteanais sin a chruthú.

25 Cuireann innogy Energie amhras in iúl maidir le hinghlacthacht an dara ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú a mhéid a dheántar tagairt sa cheist sin d’Airteagal 12(3) de Threoir 2019/944 ós rud é nár trasuíodh an fhoráil sin go hiomlán i ndlí na Seice tráth thabhairt i gcrích agus fhoirceannadh an chonartha atá i gceist sna príomhimeachtaí agus, dá bhrí sin, nach bhfuil sí ábhartha ar chor ar bith sa chás seo.

26 Ní mór a mheabhrú, de réir cásdlí comhsheasmhach, go bhfuil feidhm ag riail dlí nua ó theacht i bhfeidhm an ghnímh lena mbunaítear é agus cé nach bhfuil feidhm aici maidir le cásanna dlí a tháinig aníos agus a tháinig chun bheith críochnaitheach faoin seandlí, tá feidhm aici maidir leis na héifeachtaí atá i ndán dóibh agus maidir le cásanna nua dlí. Is amhlaidh é seo, faoi réir

phrionsabal neamh-aisghníomhaíochta na ngníomhartha dlí, ach amháin má tá forálacha ar leith in éineacht leis an riail nua lena socraítear na coinníollacha ama lena fhorfheidhmiú go sainiúil (breithiúnas an 13 Iúil 2023, *Banco Santander (Tagairt d'innéacs oifigiúil)*, C-265/22, EU:C:2023:578, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

27 Dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann le treoracha go háirithe, ní bhaineann sé, mar riail ghinearálta, ach amháin le staideanna dlíthiúla a thagann chun cinn tar éis dhul in éag na tréimhse chun treoir a thrasuí a thagann, *ratione temporis*, faoi raon feidhme na Treorach sin (breithiúnas an 13 Iúil 2023, *Banco Santander (Tagairt d'innéacs oifigiúil)*, C-265/22, EU:C:2023:578, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).

28 I gcomhréir le hAirteagal 71 de Threoir 2019/944, b'éigean do na Ballstáit na forálacha is gá chun, *inter alia*, Airteagal 12 den Treoir sin a chomhlíonadh a ghlacadh agus a fhoilsiú faoin 31 Nollaig 2020. Is léir ón gcomhad atá os comhair na Cúirte gur tháinig reachtaíocht na Seice lenar trasuíodh an Treoir sin, eadhon an leagan arna leasú de Dhlí Uimh. 458/2000 maidir le Fuinneamh, i bhfeidhm an 1 Eanáir 2022. Is léir ón gcomhad sin freisin gur tugadh an conradh soláthair leictreachais atá i gceist sna príomhimeachtaí i gcrích an 24 Eanáir 2020 agus go ndearna innogy Energie é a fhoirceannadh an 23 Meán Fómhair 2020, is é sin, 10 lá tar éis a iarratais ar íocaíocht an phionóis chonarthaigh, is é sin le rá, roimh dhul in éag na tréimhse chun Airteagal 12 de Threoir 2019/944 a thrasuí.

29 Leanann sé ón méid sin nach raibh Treoir 2019/944 infheidhme ar an dáta a rinneadh an conradh atá i gceist sna príomhimeachtaí a thabhairt i gcrích nó ar an dáta ar ar foirceannadh é.

30 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, níl aon tionchar ag an léiriú ar Airteagal 12(3) de Threoir 2019/944 ar thoradh na díospóide sna príomhimeachtaí, agus mar thoradh air sin tá an dara ceist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú do-ghlactha a mhéid a bhaineann sé le léiriú na forála sin.

Substaint an cháis

31 Leis an dá cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú, ar cheart iad a scrúdú le chéile, iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagail 3(1) agus 5 de Threoir 93/13, arna léamh i gcomhar le pointe 1(e) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir sin agus Airteagal 7 den Treoir sin, a léiriú sa chaoi go gciallaíonn téarma i gconradh soláthair leictreachais ar feadh tréimhse sheasta agus ar phraghas socraithe lena gcuirtear ar chumas an tsoláthróra a d'fhoirceann é, roimh dhul in éag an chonartha sin, de bharr go mainníonn an tomhaltóir é a íoc, pionós ar ráta comhréidh a fhorchur ar an tomhaltóir go huathoibríoch, beag beann ar an gcaillteanas eacnamaíoch díreach arna thabhú ag an soláthróir sin go hiarbhír, agus, ar an dara dul síos, an gcomhlíontar na ceanglais trédhearcachta a leagtar amach in Airteagal 5 de Threoir 93/13 leis an téarma sin, a struchtúr agus a shuíomh sa chonradh sin agus na himthosca a bhaineann lena thabhairt i gcrích, trí mheán leictreonach.

32 Sa chéad áit, ní mór a thabhairt faoi deara go bhforáiltear le Airteagal 3(1) de Threoir 93/13 go measfar gurb éagórach téarma conartha nár caibidlíodh ar leithligh i gcás, d'ainneoin an cheanglais maidir le meon macánta, ina gcruthaítear éagothroime shuntasach leis idir cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe a eascraíonn as an gconradh. chun aimhleasa an tomhaltóra.

33 Mar a leagtar amach in Airteagal 3(3) de Threoir 93/13, tá liosta léiritheach agus neamh-uileghabhálach de théarmaí a d'fhéadfaí a mheas a bheith éagórach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir sin. Áirítear leis na téarmaí a liostaítear san Iarscríbhinn sin, *inter alia*,

mar is léir ó phointe 1(e) den Iarscríbhinn sin, na téarmaí sin arb é is cuspóir nó éifeacht dóibh ‘a cheangal ar aon tomhaltóir nach gcomhlíonann a oibleagáidí cúiteamh ar mhéid dhíréireach ard a íoc’.

34 I gcás nach bhfuil ábhar na hiarscríbhinne sin de chineál a shuíonn go huathoibríoch agus ann féin go bhfuil an téarma atá i gceist éagórach, is toisc fhíor-riachtanach é ar a bhféadfaidh an chúirt a bhfuil dlínse aici a éagóraí atá téarma conarthach a bhunú (breithiúnas an 26 Aibreán 2012, *Invitel*, C-472/10, EU:C:2012:242, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).

35 Leanann sé ón méid sin gur faoin gcúirt náisiúnta atá sé a mheas an bhfuil téarma conarthach éagórach de réir bhrí Airteagal 3(1) de Threoir 93/13. Agus an measúnú sin á dhéanamh, is faoin gcúirt sin atá sé measúnú a dhéanamh, ag féachaint d’imthosca uile an cháis, ar an gcéad dul síos, ar neamh-chomhlíonadh féideartha an cheanglais maidir le meon macánta agus, ar an dara dul síos, ar aon éagothroime shuntasach a bheith ann chun aimhleasa an tomhaltóra, de réir bhrí na forála deiridh sin (féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 3 Deireadh Fómhair 2019, *Kiss agus CIB Bank*, C-621/17, EU:C:2019:820, mír 49 agus an cásdlí dá dtagraítear).

36 Dá bhrí sin, beidh ar an gcúirt a rinne an tarchur scrúdú a dhéanamh ar an gceist an gcomhlíontar, ar an gcéad dul síos, an ceanglas maidir le meon macánta a cheanglaítear leis an téarma atá i gceist sna príomhimeachtaí agus, ar an dara dul síos, an bhfuil míchothromaíocht mhór ann chun aimhleasa an tomhaltóra agus, go sonrach, an bhfuil an liúntas seasta dá bhforáiltear sa téarma sin díréireach ard de réir bhrí phointe 1(e) den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 93/13.

37 Maidir leis na himthosca ina gcruthaítear éagothroime den sórt sin ‘contrártha leis an gceanglas maidir le meon macánta’, ba cheart a mheabhrú, i bhfianaise an 16ú haithris sa bhrollach a ghabhann le Treoir 93/13, nach mór don chúirt náisiúnta a fháil amach an bhféadfadh an díoltóir, trí dhéileáil chóir agus chothrom leis an tomhaltóir, a bheith ag súil go réasúnta go nglacfadh an tomhaltóir le téarma den sórt sin tar éis caibidlíocht ar leithligh (breithiúnas an 26 Eanáir 2017, *Banco Primus*, C-421/14, EU:C:2017:60, mír 60 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 In athbhreithniú den sórt sin, is léir ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais nach mór, go háirithe, na rialacha is infheidhme faoin dlí náisiúnta a chur san áireamh in éagmais chonradh na bpáirtithe chuige sin, agus d’fhéadfaí, dá bhrí sin, a iarraidh ar an gcúirt náisiúnta measúnú a dhéanamh, laistigh d’anailís chomparáideach, ar cibé an gcuireann nó nach gcuireann an conradh sin an tomhaltóir i staid dhlíthiúil is lú fabhar ná an staid dá bhforáiltear leis an dlí náisiúnta is infheidhme (féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 26 Eanáir 2017, *Banco Primus*, C-421/14, EU:C:2017:60, mír 59 agus an cásdlí dá dtagraítear).

39 Beidh ar an gcúirt a rinne an tarchur a fhíorú freisin an bhfuil méid an phionóis chonarthaigh atá i gceist sna príomhimeachtaí oiriúnach chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí atá á saothrú aici agus nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach chun iad a bhaint amach (féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 14 Márta 2013, *Aziz*, C-415/11, EU:C:2013:164, mír 74).

40 Ní mór a mheabhrú go soiléirítear le hAirteagal 4(1) de Threoir 93/13 go ndéanfar éagothroime téarma chonarthaigh a mheasúnú, trí cineál na n-earraí nó na seirbhísí ar tugadh an conradh i gcrích ina leith a chur san áireamh agus trí thagairt a dhéanamh, tráth thabhairt i gcrích an chonartha, do na himthosca go léir maidir le tabhairt i gcrích an chonartha agus do théarmaí eile uile an chonartha sin nó conartha eile ar a bhfuil sé ag brath.

41 Chinn an Chúirt gur cheart go bhféadfaí a chinneadh, ar bhonn Airteagal 3(3) de Threoir 93/13, arna léamh i gcomhar le pointe 1(e) den Iarscríbhinn a ghabhann leis, gur éagórach iad téarmaí conartha lena suitear pionóis uathoibríocha atá díréireach le cineál mhainneachtain fhéideartha an tomhaltóra oibleagáidí a chomhlíonadh, ar bhonn Airteagal 3(3) de Threoir 93/13, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis (féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 24 Deireadh Fómhair 2019, *Topaz*, C-211/17, EU:C:2019:906, mír 59).

42 Is léir ón ordú tarchuir gur cuireadh pionós conarthach CZK 400 (thart ar EUR 16) i bhfeidhm maidir le QS toisc nár íocadh dhá réamhíocaíochtaí míosúla de shuim CZK 1200 (thart ar EUR 48), agus le haghaidh gach míosa tar éis fhoirceannadh an tsoláthair leictreachais agus ar feadh fhad iomlán an chonartha, a socraíodh ar dtús ag 30 mí. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an pionós sin a bheith ina phionós uathoibríoch agus 'díréireach ard' de réir bhrí phointe 1(e) den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 93/13 agus chásdlí na Cúirte dá dtagraítear i mír 41 den bhreithiúnas seo, ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a chinneadh.

43 Mar sin féin, beidh ar an gcúirt a rinne an tarchur a fhíorú le linn an scrúdaithe sin go bhfuil méid an phionóis atá i gceist sna príomhimeachtaí oiriúnach chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí atá á saothrú aici agus nach dtéann sé thar a bhfuil riachtanach chun iad a bhaint amach de réir bhrí an chásdlí dá dtagraítear i mír 39 den bhreithiúnas seo. Go háirithe, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, go n-eascraíonn an pionós atá i gceist sna príomhimeachtaí as téarma conarthach a áirítear i gconradh soláthair leictreachais ar théarma seasta le haghaidh riachtanais teaghlaigh lena bhforáiltear do phraghas ráthaithe leictreachais le haghaidh fhad iomlán an chonartha, atá níos ísle ná an praghas a ghearrtar faoi chonarthaí soláthair leictreachais ar feadh tréimhse éiginnte. Is cosúil, dá bhrí sin, gurb é cuspóir an téarma sin aon damáiste a rinneadh don soláthróir mar thoradh ar mhainneachtain an chustaiméara an fuinneamh a comhaontaíodh a cheannach, arna cheannach roimh ré ag an soláthróir don chustaiméir ar mhargaí mórdhíola luaineacha, faoi chonarthaí ar théarma seasta, ar feadh fhad comhaontaithe iomlán an chonartha. Ar an dara dul síos, ba cheart don chúirt a rinne an tarchur a chur san áireamh go dtagraíonn an cuntas críochnaitheach arna tharraingt suas ag an soláthróir do ró-íocaíocht, cé nár íoc QS an dá réamhíocaíocht mhíosúla a bhí dlite.

44 Sa dara háit, maidir leis an gceanglas trédhearcachta, a leagtar amach in Airteagal 5 de Threoir 93/13 agus lena bhforáiltear nach mór téarmaí conarthacha i scríbhinn a dhréachtú 'i gcónaí' i bhfriotal hoiléir sothuigthe, ba cheart a mheabhrú go bhfuil an ceanglas sin ar cheann de na tosca atá le cur san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar an gceist an bhfuil an téarma sin éagórach. Mar sin féin, is léir ó Airteagal 4(2) den Treoir sin, nach bhfágtar, leis an bhfíoras go bhfuil téarma dréachtaithe i bhfriotal soiléir sotuigthe, ann féin, go bhfuil an téarma sin éagórach (féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 13 Iúil 2023, *Banco Santander (Tagairt d'innéacs oifigiúil)*, C-265/22, EU:C:2023:578, mír 66).

45 Ní féidir an ceanglas sin a laghdú go dtí intuigtheacht fhoirmiúil agus ghramadaí na dtéarmaí sin. Go deimhin, a mhéid atá an córas cosanta a chuirtear chun feidhme leis an Treoir sin bunaithe ar an gcoincheap go bhfuil seasamh lag ag an tomhaltóir i leith an díoltóra, *inter alia*, maidir le leibhéal na faisnéise, ní mór léiriú leathan a dhéanamh ar an gceanglas go ndéanfaí téarmaí conarthacha a dhréachtú go soiléir agus go sothuigthe agus, dá thoradh sin, an ceanglas trédhearcachta, a leagtar amach sa Treoir sin (breithiúnas an 16 Márta 2023, *Caixabank (Táille oscailte iasachta)*, C-565/21, EU:C:2023:212, mír 30).

46 Dá bhrí sin, ní mór a thuiscint freisin leis an gceanglas nach mór téarma conarthach a dhréachtú i bhfriotal soiléir sothuigthe go leagtar amach sa chonradh ar bhealach trédhearcach feidhmiú sonrach an tsásra dá dtagraítear leis an téarma atá i gceist agus, de réir mar a bheidh, an gaol idir an sásra sin agus an ceann a dá bhforáiltear le téarmaí conarthacha eile, ionas go mbeidh an tomhaltóir sin in ann measúnú a dhéanamh, ar bhonn critéir bheachta agus intuigthe, ar na hiarmhairtí eacnamaíocha dó (breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2017, *Andriciuc agus páirtithe eile*, C-186/16, EU:C:2017:703, mír 45 agus an cásdlí dá dtagraítear).

47 Ní mór don chúirt a rinne an tarchur an cheist sin a scrúdú i bhfianaise na n-eilimintí fíorasacha go léir, lena n-áirítear an fhógraíocht agus an fhaisnéis a chuir an soláthróir in iúl i gcomhthéacs chaibidlíocht an chonartha atá i gceist (féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2017, *Andriciuc agus páirtithe eile*, C-186/16, EU:C:2017:703, mír 46 agus an cásdlí dá dtagraítear).

48 Go sonrach, tá tábhacht bhunúsach ag baint le faisnéis a sholáthar, roimh thabhairt i gcrích an chonartha, ar théarmaí an chonartha agus ar iarmhairtí an chonartha sin, do thomhaltóir, ós rud é gur ar bhonn na faisnéise sin go díreach a dhéanfaidh an tomhaltóir cinneadh an mian leis conradh a dhéanamh le díoltóir nó soláthróir trí chloí leis na téarmaí arna dtarraingt suas roimh ré ag an díoltóir nó ag an soláthróir sin (breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2017, *Andriciuc agus páirtithe eile*, C-186/16, EU:C:2017:703, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).

49 Chun a chinneadh an bhfuil téarma conarthach soiléir agus sothuigthe, ní mór aird a thabhairt freisin ar an leibhéal airde a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis, maidir le téarma den sórt sin, do ghnáth-thomhaltóir atá réasúnta eolach, géarchúiseach agus cúramach (breithiúnas an 16 Márta 2023, *Caixabank (Táille oscailte iasachta)*, C-565/21, EU:C:2023:212, mír 44).

50 Ní mór a thabhairt faoi deara freisin go bhfágann suíomh agus struchtúr téarma chonarthaigh amhail an téarma atá i gceist sna príomhimeachtaí gur féidir a shuí an ionann an téarma sin agus gné thábhachtach den chonradh, sa mhéid is go dtugann na heilimintí sin deis don tomhaltóir measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí eacnamaíocha a eascraíonn as an téarma sin (féach, i ndáil leis sin, breithiúnas an 16 Márta 2023, *Caixabank (Táille oscailte iasachta)*, C-565/21, EU:C:2023:212, mír 46).

51 Is i bhfianaise na mbreithnithe dá dtagraítear i míreanna 44 go 50 den bhreithiúnas seo a bhfuil sé faoin gcúirt náisiúnta a mheas an gcomhlíontar na ceanglais trédhearcachta a leagtar amach in Airteagal 5 de Threoir 93/13 leis an téarma maidir le pionós conarthach.

52 Sa chás seo, ar an gcéad dul síos, maidir leis na himthosca a bhaineann le tabhairt i gcrích an chonartha soláthair leictreachais, is léir ón gcomhad atá os comhair na Cúirte go bhfreagraíonn an conradh sin d'fhoirm réamhshocraithe i bhfoirm leictreonach, ós rud é go bhfuil an deis ag QS asphrionta a iarraidh, ag aon chéim den chaibidlíocht. Ní mór a thabhairt faoi deara, mar is léir ón iarraidh ar réamhrialú, gurbh iad fostaithe an chuideachta conarthaí a rinne an conradh sin a fhorlíonadh, seachas an tomhaltóir agus go ndearna siad seic an ndearnadh é a thabhairt i gcrích go cuí le linn na céime caibidlíochta ar fad. Dá bhrí sin, is cosúil nach ndeachaigh QS i gcomhairle leis an gconradh atá i gceist ach amháin trí scáileán ríomhaire sular síníodh é trí ríomhaire táibléid. Sna himthosca sin, faoi réir na measúnuithe atá le déanamh ag an gcúirt a rinne an tarchur, ní mór a thabhairt faoi deara nach léir gur tugadh an deis don tomhaltóir eolas leordhóthanach a fháil ar ábhar agus ar fheidhmiú an téarma atá i gceist sna príomhimeachtaí de réir bhrí an chásdlí a luaitear i mír 48 den bhreithiúnas seo.

53 Ar an dara dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil aon sonraí sa chomhad os comhair na Cúirte Breithiúnais maidir leis an bhfaisnéis a chuir innogy Energie ar fáil sular tugadh an conradh i gcrích maidir leis na téarmaí conarthacha agus maidir le hiarmhairtí na tabhartha i gcrích sin.

54 Ar an tríú dul síos, maidir le suíomh agus struchtúr sonrach an téarma atá i gceist sna príomhimeachtaí, nár caibidlíodh ar leithligh, is léir ón ordú tarchuir go bhfuil sé le feiceáil ar an gcéad leathanach de chonradh caighdeánach réamhfhoirmithe a chomhfhreagraíonn d'fhoirm dhá leathanach réamhbhunaithe. Ós rud é go ndearnadh an conradh a thabhairt i gcrích go leictreonach, le ríomhaire, agus gurbh iad fostaithe innogy Energy a ndeachaigh trí théacs an chonartha, is cosúil nach raibh ach deis theoranta ag QS rochtain a fháil ar an doiciméad iomlán. Dá bhrí sin, dealraíonn sé gur dócha nach dtabharfaí an téarma sin faoi deara, cé gur cuireadh ar an gcéad leathanach é, nó nach dtabharfaí aird QS air ar an mbealach céanna leis an bhfaisnéis faoinar cuireadh a shíniú. Go deimhin, ar an dara leathanach den chonradh sin, arb é an t-aon leathanach a líon na fostaithe sin amach, agus a shínigh QS, ní dhéantar tagairt ach do na téarmaí conarthacha a caibidlíodh ar leithligh. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gur cuireadh an téarma atá i gceist sna príomhimeachtaí isteach sa roinn den chonradh sin dar teideal 'Forálacha eile', rud a d'fhéadfadh a thabhairt le tuiscint gur beag an tionchar a bhíonn acu.

55 Sna himthosca sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a heas an bhfuil an conradh atá i gceist sna príomhimeachtaí inléite, soiléir agus struchtúrtha ar bhealach loighciúil chun a chur ar chumas an ghnáth-thomhaltóra atá réasúnta maith ar an eolas agus réasúnta géarchúiseach agus cáiréiseach a bheith ar an eolas faoi na téarmaí conarthacha agus, go háirithe, an bhfuil cuimsiú an téarma pionóis i roinn ar leith den chonradh sin, de chineál a chuirfeadh an tomhaltóir ar an eolas gur téarma coimhdeach é.

56 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra a thugtar ar an gcúirt a rinne an tarchur nach mór Airteagal 3(1) agus Airteagal 5 de Threoir 93/13, arna léamh i gcomhar le pointe 1(e) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir sin agus le hAirteagal 7 den Treoir sin, a léiriú sa chaoi go bhféadfadh téarma i gconradh soláthair leictreachais ar théarma seasta agus ar phraghas socraithe lena gceadaítear don soláthróir a ndearna é a fhoirceannadh, roimh dhul in éag an chonartha sin, de bharr nach n-íocann an tomhaltóir pionós uathoibríoch ar ráta comhréidh a fhorchur ar an tomhaltóir, beag beann ar an gcaillteanas eacnamaíoch díreach don soláthróir sin, a bheith éagórach. Comhlíontar na ceanglais trédhearcachta a leagtar amach le hAirteagal 5 de Threoir 93/13 i gcás ina bhfuil struchtúr agus suíomh an téarma sin sa chonradh agus na himthosca a bhaineann le tabhairt i gcrích an chonartha sin trí mheán leictreonach, lena n-áirítear an fhaisnéis a chuir an díoltóir nó an soláthróir ar fáil don tomhaltóir, de chineál a chuirfeadh ar chumas gnáth-thomhaltóra atá réasúnta eolach, géarchúiseach agus cúramach a bheith ar an eolas faoi ábhar agus feidhmiú an téarma lena gceanglaítear air pionós ar ráta comhréidh a íoc agus measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí eacnamaíocha a bheidh aige.

Costais

57 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Naoú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagail 3(1) agus 5 de Threoir 93/13/CEE ón gComhairle an 5 Aibreán 1993 maidir le téarmaí éagóracha i gconarthaí tomhaltóra, arna léamh i gcomhar le pointe 1(e) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir sin, agus Airteagal 7 den Treoir sin,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

D'fhéadfadh téarma i gconradh soláthair leictreachais ar théarma seasta agus ar phraghas socraithe lena gceadaítear don soláthróir a ndearna é a fhoirceannadh, roimh dhul in éag an chonartha sin, de bharr nach n-íocann an tomhaltóir pionós uathoibríoch ar ráta comhréidh a fhorchur ar an tomhaltóir, beag beann ar an gcaillteanas eacnamaíoch díreach don soláthróir sin, a bheith éagórach. Comhlíontar na ceanglais trédhearcachta a leagtar amach le hAirteagal 5 de Threoir 93/13 i gcás ina bhfuil struchtúr agus suíomh an téarma sin sa chonradh agus na himthosca a bhaineann le tabhairt i gcrích an chonartha sin trí mheán leictreonach, lena n-áirítear an fhaisnéis a chuir an díoltóir nó an soláthróir ar fáil don tomhaltóir, de chineál a chuirfeadh ar chumas gnáth-thomhaltóra atá réasúnta eolach, géarchúiseach agus cúramach a bheith ar an eolas faoi ábhar agus feidhmiú an téarma lena gceanglaítear air pionós ar ráta comhréidh a íoc agus measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí eacnamaíocha a bheidh aige.

Sínithe